



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Feabhra 2026
(OR. en)

15258/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0283(NLE)**

**PROBA 48
AGRI 600
WTO 110
DEVGEN 207
FORETS 121**

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le leasuithe ar an gComhaontú
Idirnáisiúnta Cócó a fhorghnó

CINNEADH (AE) 2025/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

maidir le leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Cócó a fhorghas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

¹ IO C, ..., ELI:

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 ('an Comhaontú') a fhorneas an 25 Meitheamh 2010 ag an gcomhdháil chaibidlíochta a bunaíodh faoi choimirce Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt chun teacht in ionad Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2001. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Deireadh Fómhair 2012 ar feadh tréimhse deich mbliana, go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, agus cuireadh síneadh leis ina dhiaidh sin go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.
- (2) Údaraíodh síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Chinneadh 2011/634/AE ón gComhairle² agus Cinneadh 2012/189/AE ón gComhairle³, faoi seach. Dá bhrí sin, tá an tAontas Eorpach ina pháirtí i gComhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 agus ina Chomhalta den Eagraíocht Idirnáisiúnta Cócó.
- (3) Tá gá le páirt-athbhreithniú chun an Comhaontú a athchóiriú chun forbairtí i margadh cócó an domhain ó 2010 i leith a chur san áireamh. Tá athbhreithniú den sórt sin chun leas an Aontais freisin.
- (4) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/675⁴ ón gComhairle, údaraíodh don Coimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, chun an Comhaontú a leasú i gcomhthéacs a pháirt-athbhreithnithe.

² Cinneadh 2011/634/AE ón gComhairle an 17 Bealtaine 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 agus maidir lena chur i bhfeidhm sealadach (IO L 259, 4.10.2011, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/634/oj>).

³ Cinneadh 2012/189/AE ón gComhairle an 26 Márta 2012 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 (IO L 102, 12.4.2012, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2012/189\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2012/189(1)/oj)).

⁴ Cinneadh (AE) 2021/675 ón gComhairle an 20 Aibreán 2021 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht chun Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010 a leasú (IO L 144, 27.4.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/675/oj>).

- (5) D'fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Cócó téacs an Chomhaontaithe, arna leasú ('an Comhaontú leasaithe'), ag an 106ú seisiún rialta a bhí aici ón 27 go dtí an 29 Meán Fómhair 2022.
- (6) Tagann cuspóirí an Chomhaontaithe leasaithe faoin gcomhbheartas tráchtála fós.
- (7) I bhfianaise aidhm agus ábhar an pháirt-athbhreithnithe ar an gComhaontú, ba cheart na leasuithe ar an gComhaontú a fhorghas thar ceann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Cócó a fhorghéar thar ceann an Aontais Eorpaigh⁵.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

⁵ Foilsítear téacs Chomhaontú Idirnáisiúnta Cócó 2010, arna leasú in 2022, in ... [IO: cuir isteach, le do thoil, an tagairt IO do théacs an Chomhaontaithe leasaithe atá in ST 15259/25].